



ACMHAINN 4

SCÉAL IQBAL MASIH



Foinse: [MORAL HEROES](#)

I lár na 1990idí, bhí tionchar domhanda ag buachaill cliste óg ar shaincheist na sclábhaíochta leanaí. Teascadh saol Iqbal Masih díreach roimh 13 bliana, ach spreag a óráidí cumhachtacha agus líofa na mílte oibrí faoi bhanna agus leanbhsclábhaí a shampla a leanúint. Thug sé feasacht agus chuir sé oideachas chun cinn ionas go bhféadfadh daoine eile a gcearta a chosaint agus deireadh a chur leis an éagóir i monarchana dúshaothair ar fud an domhain.

I 1983, rugadh Iqbal Masih i bpobal bocht Maridke Iasmuigh de Lahore, sa Phacastáin. Bhí ualach airgeadais ar a mhuintir, agus chinn a athair Saif Masih imeacht nuair a bhí Iqbal óg. Nuair a bhí sé 4 bliana d'aois, theastaigh cistí ó Inayat máthair Iqbal chun íoc as bainis a dhearthár níos sine. Toisc go raibh an teaghlach i bhfiacha cheana, ghlac sí iasacht in ainm Iqbal ó fhear gnó áitiúil. Nuair nár íocadh a bhfiacha ar feadh dhá bhliain cuireadh iallach uirthi Iqbal a thabhairt ar 'iasacht' mar oibrí chun íoc as an bhfiach.

Ba dhuine den mhórán naí-oibrithe faoi bhanna ag monarcha cairpéad Iqbal. D'ainneoin gur oibrigh sé 14 huair an chloig sé lá na seachtaine, níor thuill Iqbal riamh dóthain airgid chun an fiach, costas a 'phrintíseachta', a uirlisí, a bhia, féineálacha as a bhotúin nó an t-ús ardaíthe a íoc. Cé gur measadh gurbh 'fhiachas faoi bhanna' é, bhí sé i ndáiríre cosúil leis na milliúin leanbh eile a bhí faoi dhaoirse a bhfostóirí gan dóchas a saoirse a thuilleamh. Eisreachtaíodh saothair faoi bhanna, saothar leanaí agus sclábhaíocht sa Phacastáin. Bhí sé gan srian, áfach, mar gheall ar rialtas truailithe agus fórsa póilíneachta a mhair ar bhreabanna na bhfear gnó áitiúil.

'Ba cheart go mbeadh pinn i lámha leanaí; seachas uirlisí' – Iqbal Masih

Nuair a bhí Iqbal 10 mbliana d'aois chinn sé ar éalú. D'fhulaing sé dálaí cúngaithe, aer líonta le smionagar olla agus iliomad fuipeála, greadta agus ciurruithe aon uair a mhoilligh a chuid oibre. Cé gur chrap míchothú é agus gur lagaigh easpa aclaíochta é, d'éalaigh Iqbal agus cúpla cara leis. Rith sé



ÁRAS STAIR NA HEORPA

chun na bpóilíní áitiúla agus mhínigh conas a bhí an fostóir ag bascadh na leanaí agus á gcoinneáil mar sclábhaithe. Ar an drochuair, bhí an t-oifigeach póilíní breá sásta an ‘táille aimsitheora’ a fháil ar sclábhaithe éalaithe agus thug Iqbal ar ais do Arshad, úinéir Iqbal. Ar threoir ón gconstábla, ceanglaíodh Iqbal den mheaisín cairpéad agus chuir Arshad iachall air filleadh ar obair le meascán de mhí-úsáid fhisiciúil agus d'ocras.

Agus é 12 bhliain d'aois, d'éirigh le Iqbal freastal ar cheiliúradh Lá na Saoirse a thionóil ceardchumann na mbríceadóirí. Ansin, chuala Iqbal faoina chearta mar oibrí agus gur eisreachtáíodh fiachscclábhaíocht cúpla bliain roimhe sin. I dteannta an dlí frithscclábhaíochta, chealaigh an rialtas gach fiach le gnóthaí ionas go bhféadfaidís iadsan a shaoradh a bhí i bhfiacha leo. Is beag gnó a scaoil saor iarbhrí a sclábhaithe, áfach. Nuair a iarradh ar dhaoine eile labhairt os comhair an tslua thairg Iqbal labhairt. Tar éis scéal Iqbal a chloisteáil, d'eagraigh duine de cheannairí an cheardchumainn darbh ainm Ehsan Ullah Khan iarracht chun Iqbal a shaoradh ó ghéibheann. Tar éis mórán áitiú faoi neamhdhleathacht a mhonarchan, shaor Arshad Iqbal agus roinnt leanbhscclábhaithe eile.

Ba cheannaire feiceálach Iqbal, 12 bhliain d'aois, ar an ngluaiseacht frithscclábhaíochta sa Phacastáin. D'fhreastail sé ar Scoil an Fhrontha Saortha Saothair faoi Bhanna (FSSB) do iar-naíscclábhaithe agus go tapa chríochnaigh oideachas ceithre bliana in dhá bhliain. Mar a d'fhás a thuiscint ar dhlíthe saothair agus ar chearta an duine, thosaigh sé ar a phearsantacht fhuinniúil a úsáid chun labhairt thar ceann na n-oibrithe daortha. D'éalódh sé isteach i monarchana agus d'fhiafródh de na páistí faoina dtaithí agus dá mba sclábhaithe iad. Cé go raibh an jab seo an-rioscúil, ba chosúil óna chorp míchothaithe agus óna fhás craptha go raibh sé thart ar sé bliana d'aois, mar sin b'annamh a airíodh é mar bhagairt.

Chuir FSSB é chun labhairt ag gnóthaí agus léirsithe ar fud na Pacastáine inarbh eol go raibh sclábhaíocht faoi bhanna ar marthain. Lena phearsantacht chumhachtach d'oil sé na daoroibrithe agus spreag iad chun éalú. D'ainneoin bagairtí báis ó mhaifia eagraithe gnó a bhí i gceannas ar na pobail, lean Iqbal de labhairt i gcoinne a gcleachtais le muinín agus líofacht. Meastar gur éalaigh níos mó ná 3 000 leanbh Pacastánach óna n-úinéirí tar éis dóibh freastal ar shlógaí, óráidí a chloisteáil agus freastal ar chruinnithe a chuir FSSB ar siúl an bhliain sin.

De bharr a scéil chumhachtaigh, thosaigh Iqbal Masih ag dul ar cuairt i dtíortha eile, feasacht a mhúscailt ar naíscclábhaithe agus a saoirse a éileamh. Gach áit a ndeachaigh sé spreag sé daoine eile (go háirithe leanaí) chun a bheith páirteach sa mhisean chun deireadh a chur le naíscclábhaíocht.

‘Ba mhaith liom a ndearna Abraham Lincoln... a dhéanamh sa Phacastáin’ - Iqbal Masih

Tar éis cuairte chun labhairt sna Stáit Aontaithe i Nollaig 1994, d'fhill Iqbal abaile ar an bPacastáin. Chaith sé na míonna deiridh dá shaol ar scoil ag tnúth le bheith ina dhlíodóir chun troid ar son sclábhaithe faoi bhanna.

An 16 Aibreán 1995, dunmharaíodh Iqbal tar éis é a lámhach sa droim le gránghunna. Bhí sé ag rothaíocht abhaile le cúpla cara tar éis dul ar aifreann níos luaithe sa lá.

Mhaígh tuairisc oifigiúil na bpóilíní gur scaoil Ashraf Hero, feirmeoir áitiúil, é de thaisme. Mhaígh na póilíní gur admhaigh sé an timpiste tar éis uaireanta an chloig de chéasadh. Toisc gur namhaid suntasach de mhaifia na monaróirí cairpéad áitiúil Iqbal, d'fhiosraigh Coimisiún Chearta an Duine sa Phacastáin an dúnmharú, ach d'aontaigh sé go tapa le scéal na bpóilíní. D'ainneoin na tuarascála



ÁRAS STAIR NA HEORPA

oifigiúla, ceapann formhór na ndaoine gur dhúnmharaigh gníomhaire mhaifia na monaróirí cairpéad Iqbal Masih ag a raibh tionchar cheana ar na póilíní, agus gur sáinníodh Ashraf Hero don dúnmharú.

Is é ár laoch Iqbal Masih mar rinne sé beart misniúil ar son náisclábhaithe agus oibríthe faoi bhanna sa Phacastáin agus ar fud an domhain. D'ainneoin a shaoil ghearr, spreag a theachtaireacht phaiseanta agus chumhachtach na mílte chun saoirse a lorg agus spreag go leor eile ar fud an domhain chun tacú lena iarrachtaí. Tá fós thart ar 75 000 sclábhaí sa Phacastáin inniu. Thosaigh Craig Kielburger, ógánach Ceanadach, eagraíocht amháin, [Free the Children](#) a chuala faoi scéal Iqbal agus theastaigh uaidh cabhrú chun difríocht a dhéanamh.

Foinse: [MORAL HEROES](#), Scríofa ag J Kile | nuashonraíodh an 8 Bealtaine 2012